An Ghníomhaireacht Tithíochta
The Housing Agency

# INNEALTÓIR SIBHIALTA & STRUCHTÚR (INNEALTÓIR FEIDHMIÚCHÁIN SINSEARACH)

## AN GHNÍOMHAIREACHT TITHÍOCHTA

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fís na Gníomhaireachta córas tithíochta comhtháite a bhaint amach, lena ndéanfar riachtanais tithíochta na tíre a shásamh agus lena gcuirfear pobail inbhuanaithe chun cinn. Déanann sí é sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar, lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun soláthar réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Tá obair na Gníomhaireachta chun tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a sholáthar do chách curtha le chéile faoi thrí théama leathana:

- Bheith ina lárionad maidir le heolas ar thithíocht;
- An bhearna idir soláthar agus éileamh maidir le tithíocht a líonadh; agus
- Toilleadh a fhorbairt maidir le tithíocht.

Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta raon leathan de sheirbhísí ar fáil lena n-áirítear:

- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla a thabhairt d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar.
- Feabhsúchán Piríte, Scéim Deontais um Bloic Coincréite Lochtacha agus Scéim Feabhsúcháin um Lochtanna in Árasáin.
- Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid.
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne.
- Tithe a aimsiú agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta.
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú CTC.
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú.
- Morgáiste go Cíos.
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas.
- Seirbhísí Comhairleoireachta um Fhorbairtí Il-Úsáideoirí.

- Forbairt agus bainistíocht talún.
- Frithghealladh Iasachtaí na nÚdarás Áitiúil.
- An Ciste Croí Cónaithe (Cathracha) a bhainistiú.
- Seirbhísí Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.
- Frithghealladh Iasachta.
- Oiliúint agus Eolas do Chleachtóirí Tithíochta.
- Straitéis Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Cúnamh le haghaidh tithíocht inacmhainne a sholáthar.

Tá tuilleadh eolais faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie.

## AN POST

Tá iarratais á lorg anois ag an nGníomhaireacht Tithíochta d'Innealtóir Sibhialta / Struchtúr le dul i mbun oibre leis na Foirne Tionscadail agus Soláthair, laistigh den Stiúrthóireacht Timpeallachta Tógtha. Beidh an post seo ar leibhéal Innealtóra Feidhmiúcháin Shinsearaigh – (Scálaí LA). Is post buan é agus beidh sé bunaithe inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath 2. Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

## PRÍOMHDHUALGAIS

D'fhoilsigh an Rialtas Tithíocht do Chách, Plean nua Tithíochta d'Éirinn in 2021, agus é mar aidhm aige dlús a chur le soláthar tithíochta.

Faoi Thithíocht do Chách, leathnófar Rannóg Soláthair na Gníomhaireachta Tithíochta agus cuirfidh sí seirbhísí agus tacaíochtaí teicniúla ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus CTCanna lena n-áirítear samhlacha soláthair, dearadh agus Modhanna Tógála Nua-Aimseartha.

Beidh an t-iarrthóir rathúil ag obair mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach ghairmiúil tógála ar a mbeidh Ailtirí, Suirbhéirí Cainníochta agus Innealtóirí

Is iad na príomhdhualgais a bheidh i gceist:

- Na scileanna teicniúla cuí a chur i bhfeidhm ar an obair a shanntar lena n-áirítear comhairle theicniúil, seirbhísí soláthair, dearadh, monatóireacht céime tógála ar chomhlíonadh na rialachán agus na gcaighdeán, agus tuairisciú trí gach céim de sheachadadh tionscadail.
- Tacaíocht a chur ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus do CTCanna ar an gcaoi is éifeachtaí agus iad ag soláthar tithíochta, lena n-áirítear conarthaí deartha agus tógála, conarthaí arna ndearadh ag fostóirí, forbairtí lándéanta, comhaontuithe forbartha, comhfhiontair agus próisis iomaíocha comhrá.
- Cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'Údaráis Áitiúla agus do CTCanna i bhforbairt treoracha tionscadail mionsonraithe.

- Cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'Údaráis Áitiúla agus do CTCanna agus iad ag earcú comhairleoirí, suirbhéirí, imscrúduithe láithreáin agus conraitheoirí oibreacha.
- Dul i gcomhairle le húdaráis áitiúla, le CTCanna, leis an Roinn Tithíochta, le hOifig Comhordaithe um Sholáthar Tithíochta, leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, agus le heagraíochtaí eile, lena n-áirítear comhlachtaí gairmiúla maidir le tithíocht shóisialta.
- Cuidiú le bainistíocht na dtionscadal tógála a thugann an Rannóg fúthu.
- Cuidiú le measúnuithe féidearthachta ar láithreáin a bhainistiú agus a ullmhú.
- Cuidiú le máistirphleananna, dearadh uirbeach, oibreacha sa réimse poiblí agus pleananna ceantair áitiúil a ullmhú.
- Cuidiú le hiarratais ar phleanáil a ullmhú, lena n-áirítear idirghabháil le húdaráis phleanála agus le soláthraithe fóntais.
- Dearaí, líníochtaí, ríomhanna, sceidil, sonraíochtaí, tuarascálacha agus cáipéisí gaolmhara innealtóireachta sibhialta agus struchtúr a ullmhú le haghaidh tionscadail tithíochta ón bhféidearthacht go dtí na céimeanna críochnaithe. Áirítear leis sin Doiciméid maidir le hIarratais Pleanála agus Riachtanais Oibreacha a ullmhú.
- Doiciméid a ullmhú le haghaidh tairisceana, soláthair agus conarthaí.
- Comhordú agus obair a dhéanamh le cliaint, pleanálaithe, rialú tógála, lucht sláinte agus sábháilteachta, foirne dearaidh, ailtirí, innealtóirí, suirbhéirí cainníochta, deimhnitheoirí sannta, comhairleoirí dóiteáin, cuideachtaí fóntais , conraitheoirí oibreacha, fo-chonraitheoirí agus soláthraithe de réir mar is gá chun tionscadail tithíochta agus oibreacha gaolmhara a dhearadh agus a chur i gcrích.
- Ag cuidiú leis an Rannóg chun a dualgais a chomhlíonadh faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte, agus Leas ag an Obair (Tógáil), lena n-áirítear Measúnuithe Riosca Deartha.
- Dualgais Deimhnithe Coimhdeacha, comhoibriú le Deimhnitheoir Sannta agus Deartha agus dualgais deartha, iniúchta agus deimhnithe de réir mar a éilíonn BCAR.
- Monatóireacht ar oibreacha tógála ag ullmhú tuarascálacha cuairte láithreáin agus ag gníomhú de réir mar is gá chun a chinntiú go gcomhlíontar Riachtanais Oibreacha Rialacháin Tógála.
- Faisnéis a chomhordú maidir le haistriú agus clabhsúr de réir mar is gá.
- Iniúchadh a dhéanamh ar réadmhaoin agus tuarascálacha mionsonraithe ar riocht, comhairle, agus moltaí a ullmhú.
- Cabhair agus tacaíocht a thabhairt do scéimeanna feabhsúcháin na Gníomhaireachta Tithíochta lena n-áirítear an Scéim Um Fheabhsúchán Piríte, an Scéim um Fheabhsúchán Árasán agus an Scéim Deontais Feabhsuithe um Bloic Coincréite Lochtacha.
- Meantóireacht, oiliúint agus saineolas a roinnt leis an bhfoireann Tionscadal agus Soláthair.
- Fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí nua agus athruithe reachtaíochta maidir le hinnealtóireacht, soláthar, agus tithíocht agus iad a chur i bhfeidhm agus dul i mbun forbairt ghairmiúil leanúnach ar bhonn gníomhach.

- Nósanna imeachta Caighdeánacha Oibrithe agus Rialaithe Cáilíochta na Rannóige a chur i bhfeidhm.
- Aon dualgais eile a fhéadfaidh an Stiúrthóir Seirbhíse agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a shannadh ó am go ham.

## CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAITHÍ

Riachtanais Íosta:

- Cáilíocht Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí san Innealtóireacht [Sibhialta nó Struchtúr] nó i ndisciplín gaolmhar, agus ní mór dó/di a bheith ina (h)Innealtóir Cairte faoi cheanglais an Achta um Rialú Foirgníochta, 2007 nó a bheith in ann a léiriú go bhfuil ar a gcumas bheith Cairte a luaithe is féidir.; agus
- 8 mbliana ar a laghad de thaithí ábhartha shásúil ón gclárú i bpost sinsearach ábhartha ar thionscadail tógála, go háirithe ar dhearadh, dearadh mionsonraithe, soláthar, riarachán conarthaí, monatóireacht ar cháilíocht agus rialú tógála le linn tionscadail tithíochta agus árasán a thógáil.

## SCILEANNA AGUS INNIÚLACHTAÍ

- Ceannaireacht –
  - In ann obair go neamhspleách nó mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach.
  - In ann a léiriú go bhfuil ar a gcumas tionscadal a threorú agus cur go dearfach le feidhmíocht na foirne.
  - Déanann sé/sí a d(h)ícheall chun modhanna oibre nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ó thaobh a bheith ag obair go héifeachtach d'fhonn cuspóirí a bhaint amach.

- Scileanna Cumarsáide –
  - Scileanna cumarsáide den scoth, idir labhartha agus scríofa.
  - Cuireann sé/sí go dearfach le cruinnithe páirtithe leasmhara agus le cuir i láthair.
  - In ann taispeáint conas a phléann sé/sí go héifeachtach le foireann ildisciplíneach agus le cliaint ó údaráis náisiúnta agus áitiúla go conraitheoirí, agus stíl na cumarsáide á cur in oiriúint do riachtanais gach cás agus gach lucht féachana.

- Cumas Torthaí a Bhaint Amach –
  - In ann cumas a léiriú ó thaobh obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ag brath ar thábhacht, ar amscálaí agus ar shrianta eile ar acmhainní, agus in ann tús áite a thabhairt do rud eile má athraíonn cúinsí.

- In ann cumas a léiriú ó thaobh obair ar ardchaighdeán a dhéanamh agus go bhféachann a c(h)uid modhanna oibre chuige go mbaintear í seo amach.

- Pleanáil Straitéiseach –
    - Tá sé/sí in ann saineolas teicniúil iomchuí a chur i bhfeidhm ar réimse d'fhéidearthachtaí agus measúnú iomlán a dhéanamh ar impleachtaí amach anseo a bhainfidh le cinntí agus gníomhaíochtaí reatha.

- Saineolas –
    - Tá sé/sí in ann a léiriú go bhfuil an-taithí ábhartha aige nó aici ar innealtóireacht, ar bhainistíocht tionscadail, agus ar chúrsaí tógála mar aon le taithí ar sholáthar agus ar chonarthaí a riar i dtaca le plé le sainchomhairleoirí agus le conraitheoirí oibreacha.
    - Tá sé/sí in ann oiliúint theicniúil ar ardchaighdeán agus ar bhonn leanúnach a léiriú.
    - Inniúlacht TF lena n-áirítear a bheith oilte i roinnt nó i ngach ceann de na pacáistí seo a leanas (nó a macasamhlacha): MS Office, AutoCAD, Revit, Robot/Tekla, Tedds agus/nó a macasamhlacha.
    - Buneolas maith aige/aici, nó in ann a léiriú go bhfuil sé ar a c(h)umas a leithéid de bhuneolas maith a fhorbairt maidir le cuid de na nithe seo a leanas, nó iad uile:
        - Rialacháin Foirgníochta agus Rialacháin um Rialú Foirgníochta
        - Creataí um Oibreacha Caipitiúla a Bhainistiú
        - Samhaltú Faisnéise Foirgníochta
        - Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta
        - Lámhleabhar Deartha do Shráideanna agus Bóithre Uirbeacha agus Caighdeáin eile Dearaidh Bóithre
        - Caighdeáin Theicniúla Uisce Éireann
        - Treoracha um Chomhshaol, um Uisce, agus um Aeráid
        - Eorachóid

## SCÁLA TUARASTAIL – INNEALTÓIR FEIDHMIÚCHÁIN SINSEARACH (SCÁLAÍ ÚÁ)

€76,772 – €79,125 – €80,252 – €82,622– €85,011 – €87,394 – €89,793

BFS 1 €92,808

BFS 2 €95,815

**Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais.** D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

## Incháilitheacht chun dul in iomaíocht:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. D'fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcáileoidís. Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas:

a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó

c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó

d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó

e) Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó

f) Saoránach neamh-AE atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis, agus atá ina gcónaí ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

**An Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais a Fháil – Dé hAoine an 6ú Nollaig 2024 ag 12 meán lae**

### Nós Imeachta an Iarratais

Ní mór d'iarrthóirí na nithe a leanas a chur ar fáil:

a. Foirm iarratais chomhlánaithe de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta.

b. Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú.

c. Ba cheart iarratais a chlóscríobh agus a chur isteach le ríomhphost i bhformáid PDF chuigrecruitment@housingagency.ie

d. Déanfar iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil.

e. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.

f. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an sprioc-am /spriocdháta in imthosca ar bith.

g. Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.

Más rud é go n-eitíonn an té a mholtar do cheapachán glacadh leis an post nó, tar éis glacadh leis, go n-éiríonn sé/sí as, nó más rud é go dtagann aon fholúntas eile chun cinn, féadann an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le hé/hí a cheapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.